

DON SCRÚDAITHEOIR

UIMH.
SCRÚDAITHE:

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2005

MATAMAITIC - GNÁTHLEIBHÉAL - PÁIPÉAR 2 (300 marc)

DÉ LUAIN, 13 MEITHEAMH - MAIDIN, 9:30 go dtí 11:30

Am: 2 uair an chloig

Freagair **GACH** ceist. Gabhann 50 marc le gach ceist.

Ba chóir freagraí agus obair thacaíochta a scríobh isteach sna boscaí atá ann chuige sin.

Más gá, is féidir páipéar sa bhreis mar aon le grafpháipéar a fháil ón bhFeitheoir.

Cuireann an tsiombail in iúl go mba chóir duit obair thacaíochta a thaispeáint chun lánmharcanna a ghnóthú.

Déanamh agus sórt an áireamháin a úsáideadh:

Don Fheitheoir / Scrúdaitheoir amháin:

Stampa an Ionaid

Ceist	Marc
1	
2	
3	
4	
5	
6	
Iomlán	
Bónas don Ghaeilge	
Móriomlán	
Grád	

- 1. (a)** Dealagh 500 g ó 5640 g, agus bíodh do fhreagra i kg.



- 1(b)** Chuaigh Cormac i gcarr ó Luimneach go Corcaigh, aistear 100 km.
Do thaistil sé faoi mheánlusas 80 km/u.

- (i)** Cén fad ama in uaireanta agus nóiméid a thóg sé ar Chormac
an t-aistear a ghabháil?



- (ii)** D'imigh Cormac ó Luimneach ar 11:15. Cathain a shroich sé Corcaigh?




- (iii)** Rinne carr Chormaic 1 líotar peitril a ídiú in aghaidh gach 16 km a ghabh sé.
99 cent an líotar an costas a bhí ar pheitreal an lá sin. Faigh costas an pheitril
a ídiodh san aistear a rinne Cormac ó Luimneach go Corcaigh.
Bíodh do fhreagra ceart go dtí an euro is gaire.



1 (c)

Tá cruth agus tomhais páirce mar a thaispeántar sa léaráid.



- (i)** Faigh, i méadair, fad imlíne na páirce.



- (ii)** Faigh, i m^2 , achar na páirce.




- (iii)** Do cheannaigh Máire an pháirc ar chostas €20 000 an heicteár.
Cé mhéad a d'íoc Máire ar an bpáirc?



- 2.** (a) Tá na tomhais do bhosca dronuilleogach mar a thaispeántar.

Faigh, i cm^3 , toirt an bhosca.



- 2(b)** 56 cm trastomhas roth tosaigh rothair.

(i) Ríomh, i cm, an fad atá i nga an rotha.




(ii) Ag glacadh le π mar $\frac{22}{7}$, ríomh, i cm, fad imlíne an rotha.



(iii) Cén fad slí a ghabhann an rothar nuair a dhéanann an roth 250 rothlú iomlán? Bíodh do fhreagra i méadair.



- 2(c)** 4 cm ga dlúthshorcóra agus 14 cm a airde.



- (i)** Faigh, i dtéarmaí π , toirt an tsorcóra.




- (ii)** Faigh, i dtéarmaí π , achar chuardhromchla an tsorcóra.



- (iii)** Faigh, i dtéarmaí π , achar ionmlán dhromchla an tsorcóra.




- (iv)** Achar dhromchla sféir, is ionann é agus
achar ionmlán dhromchla an tsorcóra thuas.
Faigh, i cm, ga an sféir sin.



3. (a) Faigh meán na n-uimhreacha: 4, 6, 7, 12, 16.



- 3(b) Léiríonn an treocht-ghraf thíos, an fliuchras i mm do chéad sé mhí na bliana seo caite.



Bain feidhm as an treocht-ghraf chun na ceisteanna thíos a fhreagairt.

- (i) Cé acu ceann de na míosanna ar leith go raibh an fliuchras ba mhó?



- (ii) Cad é an fliuchras ionmlán, i mm, a bhí ann don sé mhí ar leith?




- (iii) An fliuchras ionmlán don sé mhí ar leith, cén céatadán de sin a thit i mí Aibreáin?



- 3(c)** Rinneadh suirbhé ar 40 mac léinn chun a fháil amach cén líon de théacsteachtaireachtaí a sheol siad ar a gcuid teileafón luaile ar lá ar leith. Léiríonn an tábla an toradh a bhí ar an suirbhé.

An líon de théacsteachtaireachtaí	0	1	2	3	4	5
An líon de mhic léinn	3	5	7	5	14	6

- (i)** Línigh barra-chairt de na sonrai.



A large grid consisting of 20 columns and 15 rows of small squares, intended for drawing a bar chart.




- (ii)** Cad é an líon móidíle de théacsteachtaireachtaí a seoladh an lá sin?




A large rectangular box for handwriting the answer to question (ii).

- (iii)** Ríomh meánlíon na dtéacsteachtaireachtaí a seoladh an lá sin.




A large rectangular box for handwriting the answer to question (iii), with a small drawing of a pen in the top-left corner.

4. (a) Tóg triantán pqr áit a bhfuil $|pq| = 8$, $|qr| = 10$ agus $|\angle pqr| = 30^\circ$. Déan an léaráid a mharcáil go soiléir.



- 4(b) Triantán comhchosach is ea abc áit a bhfuil $|ca| = |cb|$.

Déantar an slios $[ab]$ a shíneadh go dtí d agus tá $ce \perp ab$.



- (i) Ainmnigh uillinn atá ar chomhthomhas le $\angle abc$. Bíodh fáth le do fhreagra.

Ainm na huillinne:

An fáth:

(ii) Má tá $|\angle abc| = 58^\circ$, faigh $|\angle cbd|$ agus bíodh fáth le do fhreagra.

$$|\angle cbd| =$$

An fáth:

(iii) Má thugtar $|ab| = 10 \text{ cm}$ agus $|ce| = 8 \text{ cm}$, faigh achar an triantáin Δabc .




(iv) Déroinnteoir $\angle acb$ is ea ce .
Taispeán gur iomchuí iad an Δace agus an Δbce .

Na fáthanna:

Tá cuid (c) ar an gcéad leathanach eile

- 4(c)** Trastomhais de chiorcal, ar lár dó o , is ea $[ac]$ agus $[bd]$.

Líne is ea L a thadhlaíonn an ciorcal
ag an bpointe b amháin.



- (i) Ainmnigh íomhá an Δaod faoi
 S_o , an tsiméadracht lárnach sa phointe o .

- (ii) Cad a thugtar ar líne, abair an líne L , nach dtadhlaíonn an ciorcal
ach ag pointe amháin?

- (iii) Scríobh síos luach $|\angle abc|$, agus bíodh fáth le do fhreagra.

$|\angle abc| =$

An fáth:


- (iv) Má tá $|ad| = 4$, $|dc| = 3$, bain feidhm as Teoirim Pythagoras
chun $|ac|$ a fháil.

5. A nótáil: Tugtar na foirmí don Chéimseata Chomhordanáideach ar Leathanach 13.

(a) Is é a an pointe $(1, 2)$.

Is é b an pointe $(-3, -2)$.

Breac na pointí a agus b .



5(b) Is é p an pointe $(2, 1)$ agus is é q an pointe $(4, 3)$.

Faigh gach aon cheann díobh seo a leanas:



(i) fad $[pq]$




(ii) fána pq



(iii) cothromóid na líne pq .

Más mian leat léaráid a líniú, bain feidhm as an gcéad leathanach eile



5(c) (i) $2x + 3y - 10 = 0$ an líne L .

Trasnaíonn L an ais-x ag an bpointe c .

Ag glacadh le $y = 0$, faigh comhordanáidí an phointe c .



(ii) Taispeán go bhfuil an pointe $(8, -2)$ ar an líne L .



(iii) Tá an pointe $(k, 6)$ ar an líne L . Faigh luach k .




Foirmí

Fad mírlíne: $\sqrt{(x_2 - x_1)^2 + (y_2 - y_1)^2}$

Fána líne: $m = \frac{y_2 - y_1}{x_2 - x_1}$

Cothromóid líne: $y - y_1 = m(x - x_1)$

- 6. (a)** Taispeántar sa léaráid na tomhais don triantán dronuilleach abc .




- (i)** Scríobh síos fad an tsleasa atá cóngarach don uillinn A.

Fad an tsleasa atá cóngarach don uillinn A =

- (ii)** Scríobh síos mar chodán an luach ar $\cos A$.

$\cos A =$

- 6(b)** Sa triantán dronuilleach pqr , tá $|pq| = 12$ agus $|\angle pqr| = 37^\circ$. Bíodh $x = |pr|$.



- (i)** Ag baint feidhme as an léaráid, scríobh síos, mar chodán, luach sin 37° .

- (ii)** Ag baint feidhme as do áireamhán, scríobh síos luach sin 37° , ceart go dtí ionad amháin de dheachúlacha.

- (iii)** Uaidh sin faigh x , an luach ar $|pr|$.

6 (c)


Ba mhaith le Ciara leithead abhann a thomhas.

Bhí sí ag a ar bhruach na habhann, díreach ar aghaidh b amach, ar an mbruach eile.

Do shiúil Ciara ó a go dtí c , feadh an bhruaigh, faoi mheánlusas 1.5 m/s .

Do thóg sé 30 soicind ar Chiara an pointe c a shroicheadh.

Do rinne sí $\angle acb$ a thomhas ansin agus bhí an uillinn cothrom le 25° .



(i) Ríomh $|ac|$, an fad slí a shiúil Ciara.



(ii) Uайд sin, ríomh $|ab|$, leithead na habhann.

Bíodh do fhreagra ceart go dtí an méadar is gaire.

Spás d'obair sa bhreis

